Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Bealtaine 2021 (OR. en)**

**8240/21**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2019/0151(COD)**

**CODEC 616**
**RECH 181**
**COMPET 299**
**EDUC 146**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (athmhúnlú) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 11 Iúil 2019, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 173(3) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 30 Deireadh Fómhair 2019[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 27 Aibreán 2021 . Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

5. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a mholadh don Chomhairle:

   – an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 8/21 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

[1] 11228/19
[2] IO C 47, 11.2.2020, lgh. 69-75
[3] 8184/21

– a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

6. Ag an am céanna, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh (AE) 2021/454 ón gComhairle[4], go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun an Rialachán thuasluaite a ghlacadh, más rud é, de bharr na n-imthosca a bhaineann le COVID-19, nach mbeidh aon chruinniú ag an gComhairle roimh an 12 Bealtaine 2021.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] Cinneadh (AE) 2021/454 ón gComhairle an 12 Márta 2021 lena gcuirtear síniú breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus arna shíneadh le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702, (AE) 2020/970, (AE) 2020/1253, (AE) 2020/1659 agus (AE) 2020/26, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 89, 16.3.2021, lch. 15-16).